CINNEADH (AE) 2022/864 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Bealtaine 2022

lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Márta 2022 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas (BCE/2022/15) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus arna formheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais BCE agus ar bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Lietuvos bankas, Ernst & Young Baltic UAB, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2021. Tá sé riachtanach, mar sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2022.

(3) Tá UAB ROSK Consulting roghnaithe ag Lietuvos bankas mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2022 go 2024.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE UAB ROSK Consulting a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas do na blianta airgeadais 2022 go 2024.

(5) Tar éis an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ([2]) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 19:

"19. Leis seo, ceaptar UAB ROSK Consulting mar iniúchóirí seachtracha Lietuvos bankas do na blianta airgeadais 2022 go 2024.".

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

([1]) IO C 153, 7.4.2022, lch. 7.

([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).

Airteagal 3

Is chuig an mBanc Ceannais Eorpach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
B. LE MAIRE